

Gaeilge rannpháirteachas
scileanna
teanga
eispéireas
bainistíocht na
coláiste agus
gníomhaíochtaí
spéis
cúrsa
cumarsáid
cultúrtha
Gaeltacht
foghlaim
cúrsa
cumarsáid
cultúrtha
teagasc
cúltúr
labhairt
scoláirí
ceannaireacht
muinín
taithneamh
cúltúr
labhairt
scoláirí
ceannaireacht
muinín
taithneamh
cúltúr
labhairt
scoláirí

**Treoir maidir le
Cigireachtaí ar Chúrsaí
Choláistí Gaeilge
(athbhreithnithe 2019)**

Gaeilge rannpháirteachas
scileanna
teanga
eispéireas
bainistíocht na
coláiste agus
gníomhaíochtaí
spéis
cúrsa
cumarsáid
cultúrtha
Gaeltacht
foghlaim
cúrsa
cumarsáid
cultúrtha
teagasc
cúltúr
labhairt
scoláirí
ceannaireacht
muinín
taithneamh
cúltúr
labhairt
scoláirí
ceannaireacht
muinín
taithneamh
cúltúr
labhairt
scoláirí



© 2016 An Roinn Oideachais agus Scileanna (arna leasú 2019)

Arna fhoilsiú ag

An Chigireacht

An Roinn Oideachais agus Scileanna

Sráid Maoilbhríde

Baile Átha Cliath 1

D01 RC96

Tá an treoir seo agus foilseacháin eile de chuid na Cigireachta ar fáil ag www.education.gov.ie

Clár na n-ábhar

| | |
|--|------------|
| 1. RÉAMHRÁ | Lch |
| 1.1 Comhthéacs | 1 |
| 1.2 Réasúnaíocht | 1 |
| 2. CONAS A THUGTAR FAOI CHIGIREACHTAÍ AR CHÚRSAÍ GAEILGE? | |
| 2.1 Roimh an gcuairt chigireachta | 2 |
| 2.2 Le linn na cuairte cigireachta | 2 |
| 2.3 Tar éis na cuairte cigireachta | 3 |
| 3. FOILSIÚ NA dTUAIRISCÍ CIGIREACHTA | 4 |
| 4. GNÍOMHÚ MAIDIR LE TUAIRISC CHIGIREACHTA | 4 |
| 5. CREATLACH NA MEASTÓIREACHTA | 5 |
| 6. CONTANAM NA CÁILÍOCHTA | 6 |
| 7. ATHBHREITHNIÚ AR CHIGIREACHTAÍ | 7 |
| 8. FOILSIÚ AGUS ATHBHREITHNIÚ NA TREORACH SEO | 7 |
| AGUISÍN 1: STRUCHTÚR NA TUAIRISCE CIGIREACHTA | 8 |
| AGUISÍN 2: CÁIPÉISÍ | 9 |

1. Réamhrá

1.1 Comhthéacs

Cuireann coláistí Gaeilge cúrsaí Gaeilge ar fáil do scoláirí iar-bhunscoile agus do dhaltai sinsearacha bunscoile le linn mhíonna an tsamhraidh. Is é cuspóir na gcúrsaí ná deis a thabhairt do na scoláirí ar a gcuid inniúlachta sa Ghaeilge a fhorbairt agus cur lena gcuid eolais agus tuisceana ar shaol agus ar chultúr na Gaeltachta. Maireann cúrsaí ar feadh trí seachtaine de ghnáth.

Is ar an Roinn Cultúir, Oidhreachta agus Gaeltachta (RCOG) a thiteann an fhreagracht riaracháin sa mhéid is go mbronnann RCOG aitheantas ar chúrsaí a sholáthraíonn na coláistí Gaeilge chomh maith le cigireacht a dhéanamh ar áitribh na gcúrsaí agus ar an gcóiríocht a chuirtear ar fáil do scoláirí. Ní mór do sholáthraithe na gcúrsaí faomhadh na RCOG a fháil sula ndéanann siad scoláirí a chlárú. Tá *Na Rialacháin faoina dTugtar Aitheantas do Choláistí Gaeilge* (2019)¹ ar fáil ar www.chg.gov.ie.

Cuireann Cigireacht na Roinne Oideachais agus Scileanna (ROS), ar iarratas ón RCOG, clár bliantúil cigireachta i gcrích ar rogha de na cúrsaí a eagraíonn coláistí Gaeilge ar leith. Déantar an chigireacht ar chúrsaí Gaeilge chun cáilíocht an oideachais a chuirtear ar fáil do na scoláirí a dhearbhu agus chun comhairle agus tacaíocht a thabhairt do mhúinteoirí, príomhoidí agus coistí bainistíochta na gcoláistí.

Is éard atá sa Treoir seo ná faisnéis maidir leis an tsamhail chigireachta a úsáideann Cigireacht na Roinne Oideachais agus Scileanna (ROS) chun meastóireacht a dhéanamh ar an soláthar oideachais sna cúrsaí a sholáthraíonn coláistí Gaeilge.

1.2 Réasúnaíocht

Tugann cigireachtaí ar chúrsaí Gaeilge léargas seachtrach ar obair an choláiste. Dearbhaíonn na tuairiscí cigireachta na cleachtais sin a bhfuil ag éirí go maith leo agus tugann siad treoir do lucht an choláiste Ghaeilge agus iad ag iarraidh a gcuid cúrsaí a fheabhsú agus a fhorbairt go leanúnach.

Éascaíonn cinntí na dtuairiscí dul chun cinn agus cur i bhfeidhm athruithe sna cúrsaí a sholáthraíonn coláistí Gaeilge. Tá treoir agus tacaíocht le fáil do gach coláiste sna cinntí agus sna moltaí a thugtar sna tuairiscí cigireachta. Is féidir leas a bhaint astu sin, mar aon le próisis féinmheastóireachta an choláiste féin, le féachaint an bhfuil siad ag teacht le breithiúnas lucht an choláiste féin maidir le láidreachtaí a gcúrsaí Gaeilge agus tosaíochtaí ó thaobh feabhsaithe de.

Is iad na cuspóirí atá le cigireacht ar chúrsaí Gaeilge ná:

- monatóireacht a dhéanamh ar cháilíocht an teagaisc agus na foghlama sna cúrsaí Gaeilge
- monatóireacht a dhéanamh ar cháilíocht éispéireas na scoláirí ar theanga agus cultúr na Gaeilge
- trácht ar bhainistíocht, eagrú agus oibríocht na gcúrsaí Gaeilge agus ar an dul chun cinn atá á dhéanamh ag na coláistí Gaeilge maidir le moltaí a rinneadh ag éirí as cigireachtaí roimhe seo

¹ Tá leagan Gaeilge agus Béarla de na *Rialacháin faoina dTugtar Aitheantas do Choláistí Gaeilge* ar fáil ar www.chg.gov.ie.

- comhairle a chur ar phríomhoidí, oidí agus coistí stiúrtha na gcoláistí Gaeilge maidir le cáilíocht an oideachais sna cúrsaí aonair a sholáthraíonn siad.

Bíonn na cigireachtaí ar chúrsaí Gaeilge dírithe ar thrí ghné den soláthar oideachais agus de thaithí na scoláirí:

- cáilíocht an teagaisc agus na foghlama
- cáilíocht na ceannaireachta agus na bainistíochta.
- cáilíocht eispéireas na scoláirí ar theanga agus ar chultúr na Gaeilge

Déantar gach cigireacht de chuid na Roinne Oideachais agus Scileanna de réir *Cód Cleachtais don Chigireacht* (2015)² agus de réir nósanna imeachta a comhaontaíodh leis an Roinn Cultúir, Oidhreachta agus Gaeltachta.

2. Conas a thugtar faoi Chigireachtaí ar Chúrsaí Gaeilge?

2.1 Roimh an gcuairt chigireachta

Fógra

Is gnách gur cigireacht aon lae a dhéantar ar chúrsaí na gcoláistí Gaeilge. Cigire amháin nó beirt chigirí a dhéanann an chigireacht, de ghnáth, ag brath ar líon na scoláirí atá ar an gcúrsa. Ní thugtar aon fhógra do lucht an choláiste go bhfuil an chigireacht le bheith ann. Dá bhrí sin, má tá gnáth-imeachtaí eagraithe le cur ar ceal, ar chúis ar bith, (m.sh. turas), ba cheart don choláiste Gaeilge deimhin a dhéanamh de go gcuirtear RCOG agus an ROS ar an eolas faoi. Is ceart ríomhphost a sheoladh go dtí colaistegaeilge@education.gov.ie a luaithe agus is féidir.

Doiciméid

Lorgaítear a laghad doiciméad agus is féidir. De ghnáth, breathnaíonn cigirí plean an phríomhoide, clár foghlama teanga an choláiste, an ráiteas sláinte agus sábháilteachta, an cód iompraíochta agus an polasaí frithbhulaíochta. Ina theannta seo, comhlíonann an cigire 5 cinn de sheiceanna chun géilliúlacht an choláiste i leith fhorálacha ábhartha CHUID II den *Acht um Thús Áite do Leanaí 2015* (Uimh. 36 de 2015) a dheimhniú. Tá sampla de na doiciméid a bhreathnaíonn an cigire ar fáil in Aguisín 2.

Ba cheart do mhúinteoirí leabhair rollaí a gcuid ranganna a bheith acu le cur ar fáil do chigirí, mar aon leis an bpleanáil aonair a chuimsíonn tréimhse an chúrsa Gaeilge.

2.2 Le linn na cuairte chigireachta

I measc na ngníomhaíochtaí chigireachta atá ann, bíonn breathnóireacht ar cheachtanna sna seomraí ranga, breathnóireacht ar shampla de ghníomhaíochtaí teanga agus cultúrtha, cruinnithe, athbhreithniú ar dhoiciméid agus soláthar aiseolais.

Cuairteanna ranga agus breathnóireacht ar ghníomhaíochtaí eile foghlama

Déanann cigirí meastóireacht ar theagasc agus ar fhoghlaim ar sciar ceachtanna foirmeálta. Bíonn solúbthacht ag cigirí maidir le sceidealú na gcuairteanna ranga agus úsáideann siad clár ama an chúrsa chun na ceachtanna a roghnú. Is gnách go roghnaítear na ranganna le linn an phlé leis an bpríomhoide, roimh sheisiúin na maidine.

² Tá leagan Gaeilge agus Béarla den doiciméad, dar teideal *Cód Cleachtais don Chigireacht* (2015) ar fáil ar www.education.gov.ie

Chomh maith leis sin, breathnaíonn cigirí ar na gníomhaíochtaí iarnóna ar mhaithe le meastóireacht a dhéanamh ar cháilíocht eispéireas na scoláirí ar theanga agus cultúr na Gaeilge.

Is féidir go ndéanfadh cigirí athbhreithniú ar obair scoláirí agus idirghníomhú leo sa seomra ranga agus le linn gníomhaíochtaí eile, de réir mar is cuí.

Cruinnithe

Is gnách le cigirí casadh le príomhoide an chúrsa ag tús an lae. Tugann sin deis don phríomhoide comhthéacs an choláiste Ghaeilge agus an chúrsa féin a mhíniú agus sceideal an lae a phlé. Cuirtear cóip de phlean an phríomhoide³, ina bhfuil cóip den chlár ama polasaithe, agus faisnéis ábhartha eile atá cothrom le dáta, ar fáil do chigirí le linn an chruinnithe seo (*féach Aguisín 2*). Chomh maith leis sin, déanann cigirí socruithe i gcomhair cruinniú le grúpa beag scoláirí. Is é cuspóir an chruinnithe seo ná guth na scoláirí maidir lena dtaithe féin ar an gcúrsa a áireamh sa phróiseas bailithe faisnéise. Roghnaítear scoláirí atá ionadaíoch ar an raon scoláirí atá ag freastal ar an gcúrsa.

Comhlíonadh Nósanna Imeachta um Chosaint Leanaí

Mar chuid de phróiseáil na n-iarratas bliantúil ar aitheantas, cinntíonn an Roinn Cultúir, Oidhreacht agus Gaeltachta go bhfuil sé deimhnithe i scríbhinn ag gach ceann de na coláistí, go bhfuil siad comhlíontach lena gcuid dualgas mar atá leagtha síos sna *Rialacháin faoina dtugtar aitheantas do Choláistí Gaeilge (2019)*.

Ina theannta seo, le linn na gcuairteanna meastóireachta, comhlíonann an cigire 5 cinn de sheiceanna chun géilliúlacht an choláiste i leith fhorálacha ábhartha CHUID II den *Acht um Thús Áite do Leanaí 2015* a dheimhniú. Tá sampla de na cáipéisí agus den fhianaise ar chóir a chur ar fáil don chigire ar fáil in Aguisín 2. Ní áirítear sna seiceanna seo cigireacht ar áitribh na gColáistí, ar bhainistíocht na n-áitreabh nó ar an gcaoi a ngéilltear, sna háitribh seo, d'fhorálacha an Achta um Thús Áite do Leanaí (2015).

I gcás ar bith ina gcuirtear imní maidir le cosaint leanaí faoi bhráid an chigire le linn meastóireachta ar chúrsa Gaeilge, déanann an ROS an chúis imní sin a thuairisciú do TUSLA, An Ghníomhaireacht um Leanaí agus an Teaghlach, de réir na nósanna imeachta a úsáideann an ROS maidir le tuairisciú ceisteanna cosaint leanaí. Déanann an Chigireacht an cheist cosanta leanaí a thuairisciú don RCOG freisin. Feidhmíonn RCOG de réir na nósanna imeachta atá leagtha amach acu féin do thuairisciú ábhar imní i dtaca le cosaint leanaí agus mar chuid de seo téann an RCOG i dteagmháil go díreach le húdaráis bhainistíochta an choláiste Ghaeilge maidir leis na cúiseanna imní sin.

2.3 Tar éis na cuairte cigireachta

Cruinnithe iarmheastóireachta

Tugtar aiseolas agus bíonn comhphlé i ngach cás ina mbreathnaítear an fhoghlaim agus an teagasc i rang foirmeálta na maidine. Tar éis na breathnóireachta ranga, tugtar aiseolas ó bhéal do mhúinteoirí aonair ag am comhaontaithe.

Chomh maith leis sin, ag deireadh na cigireachta, casann cigirí leis an bpríomhoide agus/nó le duine atá ainmnithe ag an bpríomhoide. Is é cuspóir an chruinnithe seo ná plé gairmiúil a bheith ann maidir le cáilíocht an tsoláthair i gcoitinne. Déanann cigirí cinntí na meastóireachta

³ Tugtar léargas ar a bhfuil i gceist le Plean an Phríomhoide ar lth.18 de na *Rialacháin faoina dtugtar Aitheantas do Choláistí Gaeilge (2019)*.

a chur in iúl, an dul chun cinn atá déanta maidir le moltaí a d'éirigh as an gcigireacht deiridh a rinneadh san áireamh más ábhartha. Tugtar comhairle i dtaobh gníomhartha eile a bhfuil gá leo chun dul i ngleic leis na moltaí, de réir mar is cuí.

Is ar an bpríomhoide atá an fhreagracht cinntí na meastóireachta a chur in iúl don fhoireann teagaisc agus do bhaill an choiste stiúrtha.

Ar bhonn iarratais, éascaíonn cigirí plé breise leis an bpríomhoide agus/nó cathaoirleach choiste stiúrtha an choláiste (nó duine atá údaraithe thar ceann an choiste stiúrtha) ar na mór-thátail agus na moltaí.

An Tuairisc Chigireachta ar an gCúrsa Gaeilge

Is i ndiaidh an chruinniú iarmheastóireachta agus an chomhphlé leis an bpríomhoide a ullmhaítear an dréacht-tuairisc chigireachta. Is é atá sa tuairisc scríofa seo ná achoimre ghearr ar na gníomhaíochtaí ar tugadh fúthu le linn na meastóireachta, agus léargas ginearálta ar phríomhchinntí na meastóireachta maidir le foghlaim agus teagasc, eispéireas na scoláirí ar theanga agus cultúr na Gaeilge, agus an cheannaireacht agus an bhainistíocht. Tugtar achoimre ghearr freisin ar an dul chun cinn atá déanta ag an gcoláiste chun dul i ngleic le príomh-mholtaí na tuairisce cigireachta deiridh mar aon le moltaí a chabhróidh leis an gcoláiste tuilleadh dul chun cinn a dhéanamh, de réir mar is cuí.

3. Foilsiú na dTuairiscí Cigireachta ar Chúrsaí i gColáistí Gaeilge

Bíonn tuairiscí ar chúrsaí a sholáthraíonn coláistí Gaeilge faoi réir ghnáth-nósanna imeachta dearbhú cáilíochta na Cigireachta. Tugtar an dréacht-tuairisc do chathaoirleach choiste stiúrtha an choláiste Ghaeilge chun na fíricí inti a dhearbú agus ina dhiaidh sin, eisítear an tuairisc dheiridh chun go dtabharfaidh lucht an choláiste freagra uirthi, mar atá leagtha síos in *Treoirínte um Fhoilsiú Tuairiscí Cigireachta Scoile (2015)*⁴ (www.education.ie). De réir na nósanna imeachta seo, nuair a sheoltar an tuairisc ar ais go dtí an coláiste Gaeilge do fhreagra an choláiste, ba chóir do bainisteoirí an choláiste cóip a chur ar fáil d'aon duine a bhfuil baint aige/aici lena bhfuil inti.

Foilsítear an tuairisc chigireachta ar an gcúrsa sa Choláiste Gaeilge ar shuíomh gréasáin na Roinne Oideachais agus Scileanna (www.education.ie) agus ar shuíomh gréasáin na Roinne Cultúir, Oidhreacht agus Gaeltacha (www.chg.ie).

4. Gníomhú maidir le Tuairisc Chigireachta ar Chúrsa Gaeilge

Is ar údaráis bhainistíochta an choláiste atá an fhreagracht gníomhú maidir le cinntí agus moltaí na tuairisce cigireachta ar chúrsa sa choláiste Gaeilge. Ba cheart don údarás bainistíochta, mar chuid dá chlár oibre feabhsúcháin féin, cinntí agus moltaí na tuairisce a phlé agus, i gcomhar le príomhoide an chúrsa, pleanáil agus monatóireacht a dhéanamh ar chur i bhfeidhm na ngníomhartha is gá chun moltaí na tuairisce a chur i bhfeidhm.

⁴ Gach áit a luaitear 'scoil' sna treoirínte foilsithe, is amhlaidh atáthar ag tagairt do scoileanna, d'ionaid oideachais agus do gach suíomh ina mbíonn an Chigireacht i mbun a cuid oibre.

Ba cheart go gcabhródh tuairiscí cigireachta le hiarrachtaí leanúnacha na gcoláistí Gaeilge an cleachtas sna cúrsaí a chuireann siad ar fáil a fheabhsú. Ba cheart go ndéanadh príomhoide, foireann agus údaráis bhainistíochta an choláiste machnamh ar na moltaí sna tuairiscí cigireachta agus ba cheart díriú orthu i bpróisis féinmheastóireachta agus feabhais an choláiste.

Cad a tharlaíonn i gcás go mbeadh ábhair inní ann nó i gcás nach mbeadh dul chun cinn déanta ag an gcoláiste Gaeilge chun dul i ngleic le moltaí?

I gcásanna eisceachtúla ina dtugann cinntí na tuairisce cigireachta ar an gcúrsa Gaeilge le fios nach bhfuil dul chun cinn sásúil déanta ag an gcoláiste Gaeilge maidir le cur i bhfeidhm moltaí a rinneadh i dtuairisc roimhe sin, nó i gcás go mbeadh míréir ann nó díol inní maidir le cur i bhfeidhm rialacháin na RCOG a rialaíonn cúrsaí na gcoláistí Gaeilge, déantar an méid sin a chur in iúl d'údaráis bhainistíochta na gColáistí chomh luath agus is féidir. Ba cheart d'údaráis bhainistíochta na gColáistí é a thabhairt faoi deara gurb é gnás na Cigireachta na hábhair inní sin a chur in iúl don RCOG. Pléann an RCOG aon díol inní go díreach le húdaráis bhainistíochta an choláiste Gaeilge.

5. Creatlach na Meastóireachta

Sna cigireachtaí a dhéantar ar chúrsaí a sholáthraíonn coláistí Gaeilge, díritear ar thrí réimse: cáilíocht an teagaisc agus na foghlama; cáilíocht eispéireas na scoláirí ar theanga agus cultúr na Gaeilge; agus cáilíocht na ceannaireachta agus na bainistíochta.

Cáilíocht an teagaisc agus na foghlama

Déanann cigirí meastóireacht ar cháilíocht an teagaisc agus na foghlama le linn ranganna foirmeálta na maidine. Is gnách go ndéanann cigirí iniúchadh ar ullmhacht na n-oidí do na ceachtanna, éifeachtacht na modheolaíochtaí teagaisc a úsáidtear agus na deiseanna a chuirtear ar fáil do na scoláirí ar mhaithe le foghlaim agus labhairt na Gaeilge i gcomhthéacsanna cumarsáide. Déanann cigirí measúnú ar a mhéad agus atá inniúlacht Gaeilge na scoláirí á forbairt agus a bhfuil muinín, spéis agus taitneamh i labhairt na teanga á gcothú.

Cáilíocht na ceannaireachta agus na bainistíochta

De ghnáth déanann cigirí meastóireacht ar cé chomh mór is a thacaíonn bainistíocht an choláiste, eagrúchán an chúrsa Ghaeilge agus plean an chúrsa le foghlaim na Gaeilge i measc na scoláirí agus cé chomh rannpháirteach in eispéiris teanga agus chultúrtha is a bhíonn siad dá bharr. Déanann cigirí athbhreithniú ar éifeachtacht na socrúithe atá ann chun na scoláirí a bhainistiú le linn na n-imeachtaí agus a mhéad a úsáidtear acmhainní chun tacú le foghlaim na teanga agus rannpháirteachas na scoláirí.

Déanann cigirí athbhreithniú ar an dul chun cinn atá déanta ag an gcoláiste Gaeilge maidir le moltaí a rinneadh sa tuairisc dheiridh a chur i bhfeidhm, más ábhartha.

Cáilíocht eispéireas na scoláirí ar theanga agus cultúr na Gaeilge

Nuair a bhíonn cáilíocht eispéireas na scoláirí ar theanga agus cultúr na Gaeilge á meas, is gnách go ndéanann cigirí athbhreithniú ar raon, ar éagsúlacht agus ar eagrú na n-imeachtaí a sholáthraítear agus ar a mhéad agus a thacaíonn na himeachtaí seo le húsáid na Gaeilge i measc na scoláirí féin agus le blaiseadh a fháil de chultúr na Gaeilge. Déanann cigirí meastóireacht ar rannpháirteachas na scoláirí sna gníomhaíochtaí teanga agus cultúrtha agus ar an gcaoi a spreagann na himeachtaí na scoláirí chun Gaeilge a úsáid agus taitneamh a bhaint aisti.

6. Contanam na Cáilíochta

Le linn dóibh a bheith ag déanamh anailíse agus tuairisceoireachta ar na cinntí i leith na dtrí ghné den soláthar oideachais, baineann cigirí úsáid as an gcontanam cáilíochta thíos. Tá an contanam deartha ar chaoi a chabhraíonn le cigirí teacht ar bhreithiúnais mheastóireachta atá bunaithe ar fhianaise chun cur síos cruinn a dhéanamh ar chaighdeán an tsoláthair, nó ar ghnéithe den soláthar.

| Leibhéal | Cur síos | Sampla de na téarmaí tuairisciúla |
|------------------|--|---|
| An-mhaith | Úsáidtear An-mhaith áit a bhfuil cáilíocht na réimsí a ndéantar meastóireacht orthu ar chaighdeán an-ard. Ní bhíonn tionchar rómhór ag an líon beag réimsí atá le feabhsú ar cháilíocht an tsoláthair ar an iomlán. Do roinnt cúrsaí sa chatagóir seo bíonn an cháilíocht ar a ndearnadh meastóireacht thar cionn agus is sampla é do chúrsaí eile de shárchaighdeán soláthair. | An-mhaith ; ar cháilíocht an-ard; an-éifeachtach; cleachtas an-éifeachtach; le moladh go hard; an-rathúil; beagán réimsí le feabhsú; go hiontach; ar chaighdeán an-ard. Ar fheabhas: thar cionn; ar sárchaighdeán, le láidreachtaí an-suntasach; thar barr |
| Go maith | Úsáidtear Go maith áit ina bhfuil níos mó láidreachtaí sna réimsí a ndéantar meastóireacht orthu ná na réimsí ina bhfuil gá le feabhas a dhéanamh. Bíonn tionchar ag na réimsí ina bhfuil gá le feabhas a dhéanamh ar cháilíocht foghlama na scoláirí. Ní mór don choláiste tógáil ar a cuid láidreachtaí agus gníomhú le dul i ngleic leis na réimsí atá aitheanta ina bhfuil gá le feabhas a dhéanamh leis an gcaighdeán <i>an-mhaith</i> a bhaint amach. | Go maith ; cáilíocht mhaith; fiúntach; cleachtas éifeachtach; inniúil; úsáideach; inmholta; caighdeán maith; roinnt réimsí le feabhsú |
| Sásúil | Úsáidtear Sásúil áit a bhfuil cáilíocht an tsoláthair sách maith. Tá díreach níos mó láidreachtaí sna réimsí a ndéantar meastóireacht orthu ná na laigí. Cé nach mbíonn drochthionchar suntasach ag na laigí cuireann siad srian leis na taithí foghlama agus ba chóir dul i ngleic leo d'fhonn caighdeán níos fearr a bhaint amach. | Sásúil ; sách maith; soláthar oiriúnach cé go bhfuil féidearthachtaí ann le feabhas a dhéanamh; leibhéal cáilíochta inghlactha; is gá feabhas a dhéanamh i réimsí áirithe |
| Measartha | Úsáidtear Measartha áit, in ainneoin go bhfuil roinnt láidreachtaí sna réimsí a ndéantar meastóireacht orthu, go bhfuil níos mó easnaimh nó laigí ann ná láidreachtaí. Beidh ar an gcoláiste dul i ngleic le heasnaimh áirithe gan mhoill lena chinntiú go mbíonn an soláthar sásúil nó níos fearr ná sin. | Measartha , laigí soiléire ann a bhfuil tionchar acu ar fhoghlaim na scoláirí; gan a bheith chomh sásúil sin; deacrachtaí ann; níor mór feabhas a dhéanamh i réimsí ar leith; gá le gníomhú le feabhas a dhéanamh |
| Lag | Úsáidtear Lag áit a bhfuil easnaimh thromchúiseacha sna réimsí a ndéantar meastóireacht orthu. Is gá don choláiste uile gníomhú láithreach ar bhonn comhordaithe le dul i ngleic leis na réimsí atá mar ábhar imní. I gcásanna áirithe, b'fhéidir go mbeidh gá le hionchur ó ghníomhaireachtaí eile le tacú leis na feabhsuithe. | Lag ; míshásúil; easnamhach; neamhéifeachtach; go dona; athrú, forbairt nó feabhas atá suntasach ag teastáil; deacrachtaí suntasacha ann |

7. Athbhreithniú ar Chigireachtaí

Féadann múinteoir nó coiste bainistíochta an choláiste Ghaeilge iarraidh ar an bPríomh-Chigire athbhreithniú a dhéanamh ar aon chigireacht a théann i bhfeidhm ar mhúinteoir nó ar an gcoláiste Gaeilge. Is féidir leo athbhreithniú a lorg de réir na nósanna imeachta atá leagtha amach in *Nós Imeachta Athbhreithnithe do Chigireachtaí ar Scoileanna agus ar Mhúinteoirí de réir Alt 13 (9) den Acht Oideachais (1998) (arna leasú 2015)*.

8. Foilsiú agus Athbhreithniú na Treorach seo

Ullmhaíodh an Treoir seo tar éis dul i gcomhairle leis an Roinn Cultúir, Oidhreachta agus Gaeltachta agus le Comhchoiste Náisiúnta na gColáistí Samhraidh (CONCOS), scátheagraíocht na gColáistí Gaeilge.

Tá an Chigireacht tiomanta do fheabhas a chur leis an gcaoi ina dtugtar faoi obair mheastóireachta agus an obair chomhairleach sna cúrsaí a sholáthraíonn coláistí Gaeilge agus déanfar ábhar na Treorach seo a athbhreithniú go tráthrialta.

Aguisín 1: Struchtúr na Tuairisce Cigireachta

COMHTHÉACS

- Tagairt do chomhthéacs an choláiste Ghaeilge

ACHOIMRE AR PHRÍOMHCHINNTÍ AGUS MOLTAÍ

- Príomhchinntí
- Moltaí

MIONCHINNTÍ AGUS MOLTAÍ

1. Teagasc agus foghlaim
2. Ceannaireacht agus bainistíocht
3. Eispéireas na scoláirí ar theanga agus ar chultúr na Gaeilge

Aguisín 2: Cáipéisí & Seiceanna

Ba cheart go mbeadh na polasaithe agus doiciméid ábhartha phleanála ar fad i **bPlean an Phríomhoide** (féach *Rialacháin faoina dtugtar aitheantas do Choláistí Gaeilge, 2019*) agus ba cheart an plean seo a chur ar fáil don chigire. Áirítear ar na doiciméid sin:

- clár ama an chúrsa Ghaeilge (an clár d'imeachtaí cultúrtha san áireamh)
- eolas ar chlár foghlama teanga an choláiste
- ráiteas um chosaint leanaí lena n-airítear an measúnú riosca
- cód iompair agus polasaí chun mí-úsáid pháistí, bulaíocht agus iompar frithshóisialta eile a chosc
- ráiteas sláintíochta agus sábháilteachta
- pleananna na n-oidí aonair a chuimsíonn tréimhse an chúrsa Gaeilge.

Is iad seo thíos na seiceanna a dhéanfaidh an cigire chun géilliúlacht an choláiste maidir le forálacha *ábhartha CHUID II den Acht um Thús Áite do Leanaí 2015 (Uimh. 36 de 2015)* a dheimhniú. Ina theannta seo, **iarrfar ar gach oide ar a dtabharfar cuairt a dheimhniú go dtuigeann sé/sí gur duine faoi shainordú é/í agus go bhfuil sé/sí eolach ar a c(h)uid dualgas ina leith sin.**

1. Tá **Ráiteas um Chosaint Leanaí** i bhfeidhm ag an gcoláiste de réir fhorálacha ábhartha *CHUID II den Acht um Thús Áite Leanaí 2015 (Uimh. 36 de 2015)*. Tá an ráiteas sin faofa ag údarás an choláiste agus tiomantas tugtha sa ráiteas i leith athbhreithniú a dhéanamh gach dara bliain nó nuair a thagann athrú ábhartha ar an scéal.
2. Sonraítear ainmneacha an teagmhálaí agus an leas-teagmhálaí i bhfógra a chuirfear ar taispeáint go feiceálach gar do phríomhdhoras an ionaid a bheidh in úsáid ag an gcoláiste.
3. (a) Cinntíonn údarás an choláiste go bhfuil an ráiteas tugtha do gach oide atá fostaithe acu agus;
(b) Cinntíonn gach oide ar a dtugtar cuairt go bhfuil sé/sí eolach ar a c(h)uid dualgas mar dhuine faoi shainordú.
4. Deimhníonn údarás an choláiste go ndéantar cúram d'fholláine na scoláirí uile sa chlár foghlama agus teagaisc.
5. Cloíonn an coláiste le forálacha ábhartha uile na nAchtanna um an mBiúro Náisiúnta Grinnfhiosrúcháin (*Leanaí agus Daoine Soghonta*) 2012 go 2016.

I gcás seiceanna 1 & 2, ní mór don phríomhoide na cáipéisí/fógraí cuí a thaispeáint don chigire.

I gcás seiceanna 3 & 5, is dearbhú ó bhéal ón bpríomhoide a loirgeoidh an cigire.

I gcás seic a 4, is gá na míreanna cuí ag cúl an rolla a thaispeáint don chigire i gcás aon rang a bhreathnaíonn an cigire.